C/2025/1571

6.3.2025

Fógra le haghaidh na ndaoine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 401/2013 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma

(C/2025/1571)

Dírítear aird na ndaoine seo a leanas ar an bhfaisnéis seo a leanas: Min Aung Hlaing (Uimh. 15), Myint Swe (Uimh. 16), Sein Win (Uimh. 18), Thein Soe ar a dtugtar freisin U Thein Soe (Uimh. 19), Mya Tun Oo (Uimh. 20), Moe Myint Tun (Uimh. 24), Than Hlaing (Uimh. 25), Sai Long Hseng (Uimh. 32), Tin Aung San (Uimh. 40), Ni Lin Aung (Uimh. 64), Kan Zaw (Uimh. 66), Phone Myat (Uimh. 75), Thet Pon (Uimh. 77), Htein Win (Uimh. 78), Nyunt Win Swe (Uimh. 81), Maung Maung Aye (Uimh. 89), Kyaw Swar Lin ar a dtugtar freisin Kyaw Swar Linn (Uimh. 95), daoine atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2013/184/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 401/2013 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Maenmar/Burma.

Tá sé beartaithe ag an gComhairle na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine thuasluaite a choimeád agus leasú déanta ar ráiteas leasaithe ar chúiseanna agus/nó ar fhaisnéis. Cuirtear in iúl do na daoine sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas leasaithe ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, **faoin 14 Márta 2025**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

[1] IO L 111, 23.4.2013, lch. 75.
[2] IO L 121, 3.5.2013, lch. 1.